MÍR 3
CEANTAR FEIDHME AN COIREÁN
PLEAN CEANTAR ÁITIÚIL

MÍR 3a
PLEAN CEANTAR ÁITIÚIL BAILE AN CHOIREÁIN

1.0. PRÓIFÍL AN BHAILE

1.1 Suíomh

Tá An Coireán suite ar chósta thiar theas Leithinis Uíbh Ráthaigh ar an N70 agus ar an Mór-Chuaird. Tá sé ar an dtaobh thoir de Bhá na Scealg thart ar 17 cm ó dheas ó Chathair Saidhbhín.

1.1.1 Achoimre ar an Stair

Ainmníodh an baile mar gheall ar an gcoireán atá ann mar a dtéann Abhainn an Fhionnghlaise isteach i Loch Luíoch. Ceantar saibhir atá anso idir sheandálaíocht agus miotaseolaíocht. Is anso a tháinig Clann Mhíle i dtír agus arm ionraí acu chun na Tuatha Dé Dannan a bhualadh agus Éire a chur faoi chois. Tá mórán tuamaí, dúin chloiche agus galláin sa cheantar. Ar Loch Luíoch tá Oileán an Teampaill mar a bhfuil Séipéal Naomh Fhionáin. Bhí smacht ag Clann Mhic Cárthaigh ar an áit mar a raibh daingean acu is iad ag troid in aghaidh na nAngla-Normannach. Tugadh cearta foghlaeireachta agus iascaireachta ar Loch Luíoch do na Buitléaraigh agus cónaí orthu i dTigh Waterville. Luaitear sliocht na mButléarach fós leis an mbaile.

1.2 Feidhm agus Áiseanna

Is é An Coireán an lonnaíocht is mó i gCeantar Áitiúil Feidhme An Coireán. Ainmnítear é mar bhaile mór i measc lonnaíochtaí an chontae mar a mhínítear i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015. Ionad fíothábhachtach is ea an baile maidir le soláthar seirbhísí do na sráidbhailte beaga agus dóibh siúd a mhaireann i gceantair iargúlta amuigh faoin dtuath. Murab ionann is na príomhhbailte móra, is beag soláthar seirbhísí a tharlaíonn in an-chuid lonnaíochtaí beaga. Maidir leis na lonnaíochtaí céanna leagfar an bhéim ar bhearta chun aon bhac ar fhorbairt inmharthana a bhaint agus chun fás daonra is tarraingt dá réir ar sheirbhísí a spreagadh.

Tá tábhacht ag baint leis An gCoireán ina cheantar féin ó thaobh seirbhísí agus fostaíochta de. Toisc é a bheith suite ar an raon turasóireachta An Mór-Chuaird fan mbóthar N70, ionad láidir trádála agus gnó is ea é mar a bhfuil fostaíocht ar fáil go háitiúil idir thurasóireacht agus seirbhísí araon. Freastalaítear dá bhrí sin ar dhá mhórfheidhm gnó i gceantar Chiarraí Theas.

Cé gur láthair thurasóireachta é an baile mór go príomha is ionad seirbhísí é freisin do mhuintir an bhaile agus don cheantar máguaird. Stad aitheanta le fada an lá is ea é ar an Mór-Chuaird agus bíonn an-éileamh ar fad ar an ngalfchúrsa cáiliúil ó cheann ceann na bliana. Tá cáil ar fud an domhain ar Loch Luíoch as an iascaireacht. Bíonn an dá óstán (Bayview & Bulter Arms) oscailte i gcónaí agus ceann eile Óstán Waterville Lake díreach lasmuigh. Ba ghnáthach Charlie Chaplin ag fanacht san Butler Arms is é ar saoire ar An gCoireán go mion minic thar na blianta. Tá na Tithe Lóistín agus áiseanna eile cóiríochta go flúirseach freisin ar an mbaile.

Tá scata maith áiseanna sóisialta ar an mbaile mar scoil phobail, scoil náisiúnta, ionad pobail, ionad sláinte, páirc CLG An Coireán is áiseanna teagmhasacha léi, séipéil agus Áras An Garda Síochána. Is leir ón réimse siopaí agus seirbhísí eile go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais áitiúla.

1.3 Fás & Spriocanna Daonra

Faoi láthair níl figiúirí daonra 2011 ar fáil do bhaile An Choireáin. Tá baile An Choireáin laistigh de dhá ED An tImleach agus Loch Luíoch. Léiríonn figiúirí daonáireamh 2011 go bhfuil 920 ina gcónaí i DED An tImleach i gcomparáid le 924 sa bhliain 2006, cé gur thit daonra DED Loch Luíoch go 265 ón bhfigiúr 324 thiar i 2006. Sin laghdú 8% thar tréimhse cúig bliana agus níl sé seo go maith taobh le figiúr an chontae ar an iomlán a léirigh fás 3.7% don tréimhse céanna.

	2002	2006	2011
An tImleach	830	924	920
Loch Luíoch	315	324	265
Iomlán	1145	1248	1185

Tábla 1; Daonáireamh 2002-2011

De réir an RPG agus Straitéis Lárnach Plean Forbartha Contae Chiarraí 2009-15, tá sé ar intinn 50% den bhfás a luaitear i bPlean Ceantar Feidhme An Coireán a dháileadh ar bhaile An Choireáin. Tá spriocanna daonra do bhaile An Choireáin go deireadh tréimhse an phlean i 2018 le feiscint i dTábla 2.3. Beartaíter sprioc 598 don bhaile faoi 2018. Is ionann san agus méadú 80 duine sa tréimhse 2012-2018.

1.4 Fás & Forbairt Chónaithe

Laistigh de theorainn fhorbartha An Choireáin tá an ceantar mar a smaoineofáí faoi láthair ar fhorbraíocht, san am gcéanna féadfar lár an bhaile a athfhorbairt agus a leathnú. Ar an mórgóir is é an dinnseanchas (an Bá agus an Loch) agus cúinsí bonneagair mar an abhantrach fuíolluisce a chinntíonn an teorainn. Leathnaigh an baile ó thuaidh ó Dhroichead An Coireán agus níl sé i gceist an teorainn a shíneadh ó dheas uaithi sin.

Beartaítear méadú 80 duine ar dhaonra An Choireáin go ceann tréimhse an phlean. Ag ráta seilbhe 2.6 dhuine is ionann san agus 31 áitreabh cónaithe is dlús 5 áitreabh/acra (12ha) ar an meán de thalamh zónálta, sin éileamh ar 6 acra (2.5ha) de thalamh zónalta. Má chuirtear san áireamh go mbeidh méadú 50% ar an éileamh i ndáiríre a bheidh ar thailte forbraíochta ar son rogha maith sa mhargadh, beidh figiúr 9 acra (3.6Ha) i gceist ar an iomlán. Áirítear na figiúirí mar seo ar son iomaíochta, chun monaplacht a sheachaint agus lena chinntiú go mbeidh dóthain talún zónalta ar fáil. Dá bhrí sin beidh gá le 9 acra (3.6ha) chun freagairt don éileamh uirbeach ar thithe cónaithe go ceann tréimhse an phlean.

Lonnaíocht	*Talamh Cónaithe Ainmnithe (acra)**	*Sprioc do Sholáthar Tithíochta* (líon)*	*Sprioc don Mhéadú Daonra*
An Coireán	9 (3.6 ha)	46	80

* fairsinge 50% san áireamh

Tábla 3; Riachtanas Tailte agus Spriocanna Daonra

Léirigh an suirbhé a dhein an RCPRÁ agus Comhairle Contae Chiarraí go bhfuil roinnt eastát folamha/nár críochnaíodh ar an mbaile. Tá 30 aonad dá leithéid i gceist. Tá eastát amháin díobh (Dunboy Homes) go hiomlán forbartha agus táthar ag fanacht lena cheangal leis an bhfearas uasghrádaithe fuíolluisce poiblí.

Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae Chiarraí go gcríochnófar na heastáit úd. An 30 aonad atá ar fáil á gcur san áireamh, beidh gá le 16 haonad eile chun freagairt don éileamh tithíochta. Is ionann san agus 4.8 acra (2ha).

2.0 FÍS DON TODHCHAÍ AGUS STRAITÉIS FHORBARTHA

2.1 Anailís SWOT

Chun cuspóirí d'fhorbairt sa Choireán a chur in eagar, ba chabhair dúinn é buanna, laigí, deiseanna agus bagairtí don bhaile a aithint maidir le forbairt inmharthana sa todhchaí. Chun a leithéid d'fhorbairt a chur i gcrích ní mór buanna agus deiseanna mar atá anso thíos a spreagadh, a chosaint is a fhorbairt; caithfear déileáil freisin leis na laigí agus le bagairtí mar chuid den bPlean Ceantar Áitiúil seo.

Anailís SWOT

Buanna
• Láthair turasóireachta ar an N70 An Mhór-Chuaird
• Timpeallacht nádúrtha mar Bhá na Scealg agus Loch Luíoch
• Oidhreacht láidir idir cheol agus cultúr
• Ceantar speisialta oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta
• Bá tarraingteach agus aghaidh na farraige
• Mórtas ceantair
• Suite i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh
• Fearas nua-aimseartha cóireála fuíolluisce (á thógaint)
Laigí
• Suite ar imeall na tíre
• Teorainn le deiseanna fostaíochta i rith na bliana
• Ag braith ar bhiaiste na dturasóirí
• Easpa fás turasóireachta nó ioncaim taobh le bailte eile atá chomh beag leis
• Gan aon stad bus/carrchlós ainmnithe i lár an bhaile
• Dreach caite ar an ndéanmhas uirbeach
• An iomarca comharthaíochta mar thranglam radhairc
• Gan aon turasóireacht idir lár an bhaile agus aghaidh na farraige
• Easpa áiseanna ar aghaidh na farraige m.sh. Café, bialann, leithris 7rl.

• Gan puinn cóiríocht óstán ar an mbaile féin
• Gan puinn úsáide as ceantar an bhá is aghaidh na farraige
• Tithe saoire nó an dara thigh cónaithe ag mórán
• Níl stádas brat gorm ag an dtrá
Deiseanna
• An earnáil um fhuinneamh glas a chur chun cinn
• Táirgí áitiúla agus ceardaíocht a fhorbairt is a fheabhsú
• Deiseanna dúchasacha fostaíochta a fheabhsú
• Slite coisithe a chur i gceantair faoi fhoirgintí
• An ceantar a chur chun cinn mar ionad saoire allamuigh gníomhach/spórt uisce
• An oidhreacht ailtireachta a chosaint don sliocht sa todhchaí
• Turasóirí a mhealladh trín mhianach oidhreachta
• Cur le húsáid is le forbairt aghaidh na farraige
• An slí siúlóide cois farraige a leathnú
• Eiceathurasóireacht agus sainréimsí turasóireachta eile • Láthair ar an mbaile a ainmniú do mhargadh feirmeoirí
• Gníomhachtaí muirí a fhorbairt
Bagairtí
• Laghdú ar líon na gcainteoirí dúchais Ghaeilge
• Dífhostaíocht
• Imirce agus eisimirce
• Easpa custaiméirí/torann coise ar an mbaile ó thurais ar an Mór-Chuaird
• An iomarca tithe saoire taobh le líon na áitreabh buan cónaithe

2.2 Fís agus Straitéis Fhorbartha

Is í an fhís atá againn don Choireán ná fás agus forbairt inmharthana an bhaile ina phríomhlonnaíocht don cheantar máguaird mar a mbeidh feidhmeanna tábhachtacha fostaíochta, oideachais, seirbhísí agus turasóireachta.

San am atá caite mhaolaigh mianach talmhaíochta aguus turasóireachta An Choireáin an tionchar a bhí ar an mbaile toisc é a bheith ar imeall na tíre i bhfad ó aon ionad mór eacnamaíoch. Tá a neart féin de réir dúchais ann mar Bhá na Scealg/Loch Luíoch, an radharcra, gníomhaíochtaí mar chaitheamh aimsire maraon le cultúr/stair; is féidir leas a bhaint astu siúd go léir ar bhonn inmharthana chun margaí agus deiseanna áitiúla a fhorbairt.

Áitribh chónaithe na háite atá mar chroílar staitéis fhorbartha an bhaile. Cruthófar aitheantas agus mórtas trín gcultúr, oidhreacht agus timpeallacht áitiúil a aithint agus a fheabhsú agus trí chúram ceart a dhéanamh de chúrsaí poiblí. Braithfidh beocht an bhaile sa todhchaí maraon le fás daonra agus seirbhísí ar chúrsaí fostaíochta agus ar dheiseanna a bheith ar fáil i gcaitheamh na bliana.

Chomh maith le ról traidisiúnta mar ionad seirbhísí, tháinig forbairt ar An gCoireán mar ionad turasóireachta idir náisiúnta agus idirnáisiúnta. Toisc é a bheith suite ar an Mór-Chuaird cáiliúil téann na céadta busanna turais trín mbaile gach aon bhliain. Is fíor áfach nach mbaintear leas ceart as a leithéid de thurasóireacht mar is lasmuigh de bhaile An Coireán a stadann na busanna úd don chuid is mó. Tá sé mar chuspóir sa phlean seo go spreagfar stad turasóireachta ar an mbaile is go gcuirfear gníomhaíochtaí chun cinn mar chaithimh aimsire/fóillíocht/siiúlóid chun cur leis na tréithe a aithnítear cheana féin sa lonnaíocht. Tá an iomarca tithe saoire i gcomparáid le háitribh buanchónaithe; caithfear tús áite a thabhairt do bhuanchónaí agus do sheilbh a ghlacadh ar na háitribh folmha.

Fíor 2.1 Straitéisí Forbartha don Choireán



- Leas a bhaint as fás daonra agus seirbhísí chun beocht a chur sa bhaile mór ach san am gcéanna na buanna idir fhisiceach, nádúrtha agus saintréithe a chaomhnú.

- An Coireán a fhorbairt mar ionad comhtháite fostaíochta, ag cur le háiseanna atá cheana féin ann idir thionsclaíocht éadrom, tráchtáil agus an suíomh straitéiseach.

- Caighdeán na beatha a fheabhsú do mhuintir An Choireáin

- Crot mealltach a chur ar an mbaile mar áit lonnaithe, an daonra faoi láthair a choimeád chun patrún daoine a bhogann ón mbaile is amach faoin dtuath a chealú

- Taithí turasóirí/cuairteoirí agus muintir an bhaile a fheabhsú gan bhaint de charachtar dúchasach na háite.

- Forbairt inmharthana ceantar ardchaighdeáin ar aghaidh na farraige a chur chun cinn
- Fás inmharthana an bhaile a spreagadh trína chinntiú go gceanglaítear gach aon fhorbairt le córas cóireála poiblí
- Forbairt ardchaighdeáin idir radharcra agus ailtireacht a fheabhsú chun cur le crot mealltach an bhaile mhóir dá muintir agus do chuairteoirí araon

- Creat zónála a chruthú a dhéanfaidh cúram de struchtúr dlúth an bhaile, den charachtar is den suíomh ach san am gcéanna a chinnteoidh go gcloíonn fás sa todhchaí le prionsabail inmharthana.

- Oidhreacht an cheoil agus na teanga a chur chun cinn sa cheantar

- Na saintréithe áitiúla atá san oidhreacht ailtireachta is sa tírdhreach nádúrtha máguaird a chaomhnú is a fheabhsú agus a chinntiú freisin go dtógtar ceann den oidhreacht ailtireachta agus den réimse talún i bhforbraíocht amach anso.

2.3 Straitéisí agus cuspóirí earnála

2.3.1 Lár an Bhaile agus Struchtúr Uirbeach

Patrún líneach leathcheannach atá i lár baile An Choireáin mar gheall ar an bhfarraige thiar is aon lonnaíocht a tharlaíonn ag dul soir/i dtreo na talún ón N70 dá réir. Toisc gan puinn fhorbartha déanta i dtreo na farraige tá radharc iontach fairsing ón sráid ar Bhá na Scealg is é sin go príomha ar bhuanna mora an bhaile. Tá forbairt suntasach go leor déanta ar na bóithre a shroicheann an baile ag teacht aduaidh, ní hamháin ar an N70 ach ar bhóthar An Sponcán is ar bhóthar An Tearmann. Tá forbairt éigin ó dheas ón mbaile ar an N70 agus soir leis ó lar an bhaile cé go bhfuil bac sa treo úd mar gheall ar luí na talún agus an áit seo a bheith gar do Loch Luíoch. Don chuid is mó is struchtúir sraithe dhá stór atá ar an bpríomhshráid. Tá próifíl na ndíonta rialta go leor ar fud an bhaile.

De dheasca bac fisiceach a bheith ar fhorbairt ar feadh na mbóithre isteach ar an mbaile go háirithe ag teacht aduaidh ach freisin ar an N70 ó dheas agus ar an mbóthar laisteas de Loch Luíoch tá dreach scaipthe ar an bpatrún lonnaíochta. Is fíor go raibh cuma néata uirbeach ar na sraithe a tógadh aimsir na Comhlachta Cábla ach baineadh den phatrún úd trín bhforbairt a tharla i bhfad na haimsire.

Eastáit tithíochta go minic a bhíonn i bhforbairtí nua. Cé go mbíonn cuma deas tarraingteach orthu siud de ghnáth, ní chuireann siad leis an ndreach sráide saoráideach a bheadh ag teastáil chun síneadh a chur leis an struchtúr sráidbhaile.

Tá sé mar aidhm ag an bplean seo;

- An leagan amach atá ar theorainn uirbeach na lonnaíochta maraon leis na bóithre isteach a fheabhsú agus a chur chun cinn chun daoine a mhealladh agus
- Na saintréithe atá san oidhreacht stairiúil, ailtireachta agus fisiceach a chaomhnú is a fheabhsú freisin nuair is gá.

Cuspóir Uimh.	Lár an Bhaile Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
TC-1	Forbairt inmharthana lár an bhaile a chur chun cinn mar láthair mhealltach don siopadóireacht, gnó, turasóireacht, d'áitribh chónaithe is do shaol pobail.
TC-2	Athbhunú agus athúsáid suíomh tábhachtacha i lár an bhaile a chur chun cinn is réimse cuí dóibh siúd a éascú i dtábla an Mháithrigh Zónála.
TC-5	Úsáid nua mar is cuí as foirgnimh atá cheana féin ann a fheabhsú agus a spreagadh (de reir na dtreoracha um bhainistiú forbartha atá sa phlean seo), d'fhéadfadh cuid díobh siúd, faoi láthair, a bheith folamh nó gan puinn ar bun iontu.
TC-6	Athchóiriú foirgneamh tréigthe ar fud lár an bhile a spreagadh i dtreo úsáide a bheadh oiriúnach don áit (féach an máithreach zónála)
TC-7	Laghdú ar an dtranglam tráchta i lár an bhaile a éascú maraon le leagan amach nua ar an spás páirceála. Gluaiseacht coisithe ar fud lár an bhaile a éascú ar bhonn sábháilte.
TC-8	Úsáid na stórtha in airde i bhfoirgnimh lár an bhaile a spreagadh i leith tráchtála nó áitreabh cónaithe.
TC-9	Beocht agus inmharthanacht a choimeád i lár an bhaile is é ina láthair siopadóireachta don abhantrach/ceantar feidhme.

2.3.1.1 Aghaidh na Farraige agus an Promanád

Tá clú agus cáil ar An gCoireán as aghaidh bhreá na farraige agus promanád fada a mheallann turasóirí is muintir na háite araon. Meastar áfach go bhféadfaí leas níos fearr a bhaint astu seo. Stopann busanna turasóirí chun pictiúirí a thógaint taobh le dealbh Charlie Chaplin nó laoch na háite Mick O'Dwyer. Tá an Chomhairle chun dearadh stráice oscailte a chur chun cinn a bheidh tarraingteach is ar ardchaighdeán. Beidh feidhm chinnte leis seo chun tacú leis an bpobal agus le gníomhachtaí thart timpeall air. D'fhéadfadh cearnóg phoiblí ar an láthair seo a bheith mar spás cruinnithe do mhuintir na háite is do thurasóirí de ló is d'oíche, bheadh an dearadh soilsithe ar ardchaighdeán agus garneoireacht tírdhreach déanta idir bhog is crua. D'fhéadfaí gné amháin lárnach nua-aimseartha a sholáthar mar chlog no fuarán maraon le suíocháin. Is é an rud is tábhachtaí i gcás mar seo ná go mbeadh dóthain spáis ann do choisithe is iad ag gluaiseacht thart go saoráideach, bheadh tús áite ag coisithe ar an bpríomhbhóthar gnóthach úd is bheadh ceansú tráchta ann chomh maith.

Bheadh gnó beag cúlánta mar rothar ar cíos an-oiriúnach dona leithéid de spás poiblí.

Smaoineamh eile is ea tionscadal "Snas ar an bProm" chun é a fheabhsú trí shuíocháin agus ráillí. Bheadh suíocháin bhreise síos fan stráice go maith do dhaoine scothaosta. Ba mhaith linn snas a chur ar uachtar an phromanáid atá briste caite. D'fhéadfaí rud éigin difriúil a chur síos mar phábháil (eibhear b'fhéidir agus dánta, tomhais nó íomhánna oiriúnacha greanta) chun an dreach a fheabhsú ach gan dul thar fóir leis. Smaoineamh eile fós is ea ealaíon phoiblí (Charlie Chaplin), crainn a chur síos agus bláthcheapacha.

Mheallfaí daoine le siúl thart feadh aghaidh na farraige. Beidh an Chomhairle ag saothrú le grúpaí áitiúla chun na moltaí úd a chur i gcrích.

Cuspóir Uimh.	Aghaidh na Farraige agus an Promanád Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
SP-1	Spás difriúil poiblí ar ardchaighdeán a chur chun cinn feadh an cheantair atá ar aghaidh na farraige trí spás áisiúil taitneamhach a chruthú ann do mhuintir na háite is do chuairteoirí araon.

2.3.2 Fostaíocht

Go traidisiúnta tháinig forbairt ar an mbaile mar ionad margaidh ag freastal ar cheantar rathúil feirmeoireachta agus iascaireachta. Braitheann beatha an-chuid gnóthaí beaga fós ar acmhainn caiteachas custaiméirí ó na ceantair thuaithe. Is fíor áfach, go bhfuil an chuid sin den éileamh ag meath de réir a chéile le blianta de dheasca easpa gníomhaíochtaí talmhaíochta sa bhfadtéarma. Cé go bhfuil caiteachas atá suntasach go leor fós i gceist, ní féidir a bheith ag súil leis an leibhéal tacaíochta do gheilleagar an bhaile a bhíodh ar siúl i gcónaí riamh.
Le breis is scór bliain anuas bíonn geilleagar An Choireáin ag brath go han-mhór ar an dturasóireacht. Bíonn an dá óstán (Bayview & Bulter Arms) oscailte i gcónaí agus ceann eile Óstán Waterville Lake díreach lasmuigh. Tá scata maith daoine ag obair dá réir i dtionscal na seirbhísí/turasóireachta.

Chun go dtarlóidh fostaíocht sa todhchaí agus fás eacnamaíoch caithfidh an plean seo tacú agus réiteach le háiseanna a chruthóidh réimse éagsúil fostaíochta laistigh den bhaile. I gceist bheadh miondíol, seirbhísí, fiontair éagsúla idir thionsclaíocht/déantúsaíocht, cúrsaí gnó, an mianach turasóireachta agus an tionscal roghnach idirghníomhach fóillíochta. Ar an gcuma san sheachnófaí an bhéim ar aon earnáil amháin agus chuirfí le hinmharthanacht an bhaile mar láthair gnó go fadtéarmach.

2.3.2.1 Obair sa Bhaile

Is dóigh leis an gComhairle go gcaithfear an leas is fearr a bhaint as deiseanna oibre istigh sa bhaile de bharr forbairt na teicneolaíochta chucusan. Cuireann rochtain idirlín leathanbhanda go mór le geillegar na háite, is féidir teacht ar mhargaí is ar dheiseanna nua gnó agus bonn níos láidre a chur faoi fhiontar is smaointe nua. Baineann sé seo go mór le hábhar i gCiarraí theas, d'fheadfaí an leibhéal daonra a chaomhnú ach seans a bheith ag daoine a gcuid oibre a dhéanamh istigh ina mbailte féin. Laghdófaí an gá a bheadh le taisteal freisin.

Is fíor áfach, go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag saghsanna áirithe gnó sa bhaile ar chonláistí cónaithe. Ba chóir cloí le gnáthuaireanta oscailte ag lucht gnó. Níor chóir go mbeadh an ghníomhaíocht chomh mór/gnóthach go gcuirfí athrú ar charachtar an tsuímh ó áitreabh cónaithe is é ag oibriú go príomha mar ionad tráchtála.

Cuspóir Uimh.	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
EEA-1	A chinntiú go mbaintear an leas is fearr as mianach an bhaile mar phríomhionad fostaíochta sa cheantar is é ina ionad lánfheidhmiúil seirbhísí dá mhuintir féin is do phobal an cheantair máguaird.
EEA-2	Ról An Choireáin a neartú mar bhaile áitiúil mhargaidh, turasóireachta agus fostaíochta don bhfo-réigiún mar a bhfuil An Mhór-Chuaird.
EEA- 3	An Coireán a chur chun cinn go gníomhach mar cheantar oiriúnach do chúrsaí gnó/fiontair agus do thionscail bheaga/mheánaigh ar bhonn inmharthana.
EEA-4	Éagsúlacht inmharthana an gheilleagair a éascú. Tacú le hobair sa bhaile má chloíonn moltaí le cuspóirí agus le caighdeáin an Phlean Ceantar Áitiúil is an Phlean Forbartha Contae.
EEA-5	Forbairt inmharthana ar aghaidh na farraige a spreagadh agus tacú léi mar áis a chruthóidh mianach sa gheilleagar.

2.3.3 Turasóireacht

Cé go bhfuil An Coireán suite ar cheann de thurais cháiliúla na tíre ó thaobh turasóireachta de mar atá An Mhór-Chuaird, in ainneoin an charachtair ailtireachta agus suíomh taibhseach nádúrtha, fós fein níor baineadh leas iomlán as an mianach turasóireachta. Bíonn fachtóirí áirithe i gceist áfach. Tá sé mar aidhm ag an gComhairle déileáil leis na ceisteanna úd agus bearta a bhunú ar an mbaile chun a chinntiú go mbaintear leas ceart as an mianach atá sa tsuíomh suntasach cáiliúil seo ar An Mór-Chuaird.

Ar dtús is ar bhusanna de chuid comhlachtaí eagraithe a thagann formhór na dturasóirí isteach sa Chontae is ar An Mór-Chuaird. Níl aon stad ainmnithe ar an mbaile do bhusanna is ní spreagtar iad le moill a dhéanamh ann. Is fearr leo éirí amach ag café/bialann/stad leithris lasmuigh den bhaile. Dá bhfeadfaí na dreamanna úd a mhealladh isteach ar shráideanna an bhaile is ar aghaidh na farraige, tá gach seans go gcathifidís breis ama is airgid linn. A mhalairt a tharlaíonn anois, ní dhéantar ach moill an-bheag chun éisteacht le cur síos gearr is iad ag féachaint ar an áit trí fhuinneog an bhus.

Cé go bhfuil sé ríthabhachtach don Choireán é a bheith ar An Mór-Chuaird, caithfear béim a chur freisin ar ghnéithe eile mar áis iontach iascaireachta, an beatha muirí, radharcra taibhseach idir mhuir is sléibhte agus é gar freisin do Sceilg Mhichíl 7r. Tá clú agus cáil ar Loch Luíoch i measc ionad iascaireachta na hEorpa don bhradán is don bhreac geal. Is láthair cháiliúil é Galfchúrsa Craoibhe Machaire An Choireán agus cúrsa eile anois ann Galfchúrsa Bá na Scealg. Tá Machaire Gailf An Choireán ar na cúig chúrsa is fearr in Éirinn agus ar an 20 is fearr ar domhan.

Aithníonn an Chomhairle gur áis larnach d'fhorbairt na turasóireachta atá in aghaidh na farraige sa Choireán. Spreagfar infheistíocht ansiúd chun cur le turasóireacht is le

háiseanna inmharthana fóillíochta agus déanfar uasghrádú ar an dtimpeallacht. Ar an gcuma san féadfar aghaidh na farraige a fheabhsú agus a chur chun cinn go mór mar áis fóillíochta.

Bheadh An Coireán an-oiriúnach lena chur chun cinn mar ionad spórt uisce/eachtraíocht allamuigh do réigiún an Iardheiscirt agus chun a leagan féin den éiceathurasóireacht is den éaneolaíocht (an t-iolar mara) a fhógairt ar bhonn inmharthana. Ach comhoibriú an phobail/muintir na háite a fháil d'fhéadfaí leas eacnamaíoch a bhaint as an spéis ollmhór a léirítear le blianta beaga anuas i ngníomhaíochtaí agus i bhfóillíocht allamuigh.

Baineann roinnt foirgintí folamha agus láithreáin thréigthe go mór de dhreach an bhaile. Tá sé i gceist ag an gComhairle úsáid a bhaint as cumhachtaí reachtúla faoin Acht um Laithreáin Thréigthe 1990 lena chinntiú go bhféachfar chuig an cheist úd. Moltar go gcuirfidh aon fhorbairt nua conláistí leis an gcarachtar mar atá faoi láthair agus go háirithe le spás uirbeach is áiseanna agus go mórmhór le haghaidh na farraige.

Tá beagan cóiríochta sa Choireán mar óstáin agus bialanna ardchaighdeáin a mheallann turasóirí. Ach áiseanna breise dá leithéid ar fáil bheadh feabhas ar an mbaile mar láthair do chuairteoirí agus iad ag bogadh amach ag féachaint ar leithinis Uíbh Ráthaigh.

Braitheann geilleagar agus inmharthanacht an bhaile go príomha ar an dturasóireacht. Mar sin féin, tá sé tábhachtach an baile agus an ceantar máguaird a fhorbairt ar shlite eile ó thaobh an tionscail úd de agus ba cheart smaoineamh ar chur leis an mianach atá ann mar láthair saoire ó cheann ceann na bliana.

Is léir go gcaithfear eolas a scaipeadh go forleathan faoina bhfuil sa Choireán do thurasóirí, caithfear freisin baile An Coireán a chur os comhair an phobail mar láthair thurasóireachta idir na háiseanna atá ar an mbaile féin agus mar ionad lárnach do chuairteoirí agus iad ag bogadh amach ag féachaint ar an ndúthaigh máguaird. Feabhsófar an chomharthaíocht isteach go dtí an baile agus laistigh de, forbrófar straitéis turasóireachta chun An Coireán a chur chun cinn ar bhonn náisiunta agus idirnáisiúnta.

Caithfear biaiste na dturasóirí a shíneadh trín éiceathurasóireacht agus margaí sainspéise eile a chur chun cinn. Agus moltaí forbartha á meas don turasóireacht, beidh tus áite acu siúd a bhainfidh leas as daoine a spreagadh le tréimhsí sínte a chaitheamh nó a chuirfidh leis na háiseanna do mhuintir na háite ó cheann ceann na bliana. Mar shampla mealltar sluaite agus gnó dá réir nuair a bhíonn féilte nuálacha ar siúl mar Fhéile Scannán Grinn Charlie Chaplin, an triatlón agus Féile Norish. D'fhéadfaí leas a bhaint as cúrsaí stairiúla mar an Chomhlacht Cábla 7rl. chun féiltí a bhunú.

Tá An Coireán suite i gceantar Gaeltachta. D'fhéadfaí an Ghaeilge a chur chun cinn agus mic léinn a thabhairt isteach ach Coláiste Samhraidh a bhunú. Bheadh An Coireán oiriúnach dá leithéid toisc an-chuid cóiríocht ar cíos agus tithe saoire a bheith cheana féin ann.

Cuspoir Uimh.	Turasóireacht & Fóillíocht Tá sé mar chuspoir ag an gComhairle:
TL-1	An Coireán a chur chun cinn mar láthair thurasóireachta i gcaitheamh na bliana trí fhéiltí agus imeachtaí eile a eagrú.
TL-2	An Coireán a chur chun cinn mar láthair seirbhísí agus ionad saoire do turasóirí a thugann cuairt ar leithinis Uíbh Ráthaigh agus ar An Mór-Chuaird.
TL-3	Leathnú agus éagsúlacht a éascú sna háiseanna turasóireachta ar bhonn inmharthana trín gcomharthaíocht a fheabhsú nuair is cuí.
TL-4	Feabhsú áiseanna fóillíochta a spreagadh is cinn nua a bhunú ar bhonn inmharthana agus díriú ar bhuanna speisialta An Choireáin m.sh. spórt uisce, an t-iolar mara, iasacaigh mhara/iascaireacht 7rl. agus mar ionad don siúlóid/rothaíocht is do chaithimh aimsire eile gaolmhar leo siúd.
TL-5	An Coireán a chur chun cinn go mór mar ionad saoire gailf.

2.3.4 An Timpeallacht Nádúrtha

Cosnaítear anois an chuid is luachmhaire den dtimpeallacht nádúrtha atá againn faoi reachtaíocht idir Eorpach agus Náisiúnta. Ainmnítear suímh mar Limistéir mholta Oidhreachta Nádúrtha, Limistéir iarrtha Chaomhnaithe Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta. Is í an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a bhíonn freagrach as an ainmniú ach is orainn go léir atá sé na suímh úd a chosaint. Próiseas leanúnach is ea an próiseas ainmniúcháin, cuirtear leis an líon suíomh agus socraítear teorainneacha atá cheana féin ann de réir an tsaineolais a bhailítear. Ina theannta san cosnaítear réimse plandaí agus ainmhithe faoi reachtaíocht náisiúnta.

Tá an baile suite ar chaolas talún idir Bhá na Scealg agus Loch Luíoch. Tá imeall an chósta lastuaidh is laisteas den teorainn forbraíochta ainmnithe mar zón Príomhchonláiste Speisialta sa Phlean reatha Forbartha Contae 2009-2015 toisc a leochaileachta ó thaobh radharcra de agus gan puinn cumais forbraíochta ann i ndáirire.

Cuspóir. Uimh.	Timpeallacht Nádurtha Tá sé mar chuspoir ag an gComhairle:
NE-1	A chinntiú nach mbeidh tionchar suntasach diúltach ag aon fhorbairt nua ar an mbaile ar an dtimpeallacht nadúrtha.
NE-2	A chinntiú go gcloífidh aon fhorbairt mholta ar na tailte úd le forálacha Cuid 11-4 den Phlean Forbartha Contae 2009-2015 maidir le Bainistiú Baol Tuilte.

2.3.5 Oidhreacht agus Seandálaíocht

Tá dhá struchtúr déag atá laistigh den teorainn mholta fhorbraíochta ar an Liosta Struchtúr Cosanta, mar a leanas:

Uimh. Chlár. 21309801 Stáisiún Gharda an Chósta
Uimh. Chlár. 21309802 Séipéal Naomh Mícheál is na nAingeal
Uimh. Chlár. 21309804 Fuarán Cuimhneachán na mBuitléarach
Uimh. Chlár. 21309805 Stáisiún an Chábla
Uimh. Chlár. 21309807 Dhá thigh leath-scoite
RPS-098-001 Seantigh an chábla
RPS-098-003-A go RPS-098-003-F Tithe Cónaithe

Chomh maith leis an dtábhacht idir ailtireachta agus sóisialta a bhaineann le foirgintí aonair ba chóir dreacha áirithe sráide a chaomhnú toisc iad a bheith de dhéanamh traidisiúnta. Meastar go mba chóir d'aon fhorbairt amach anseo cloí le gnéithe áirithe den oidhreacht ailtireachta a mhíníonn agus a chuireann go mór le carachtar an bhaile. Aithníodh roinnt dreach sráide mar a bhfuil éadan deas rialta is ba cheart a leithéid a chaomhnú. Luaitear iad siúd laistigh den ACA (féach aguisín 1).
Tá séadchomhartha taifeadta amháin laistigh de cheantar na lonnaíochta (KE 098-031).

Cuspóir Uimh.	**Oidhreacht Ailtireachta & Foirgintí** **Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:**
AH-1	Oidhreacht ailtireachta an tsráidbhaile a chaomhnú agus forbairt a spreagadh ar bhonn deartha a chloífidh le scála agus le carachtar a bhfuil cheana féin ann. Ba cheart d'fhorbairtí nua ómós a thabhairt do ghnéithe deartha na háite.
AH-2	Athúsáid agus athchóiriú na n-áitreabh atá tréigthe/folamh ar feadh na Príomhshráide a spreagadh ar bhonn tuisceanach oiriúnach.
AH-3	An limistéar a léirítear ar an léarscáil a ainmniú mar Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta (ACA).

2.3.6 Iompar agus Gluaiseacht

2.3.6.1 Bóithre
Fachtóirí móra de chuid caighdeán beatha is ea iompar agus bonneagar. Tá fíorthábhacht ag baint le ceangail chóra iompair, saorghluaiseacht tráchta agus dóthain páirceála maidir le spriocanna inmharthana a bhaint amach ar nós fás daonra, fostaíocht, turasóireacht agus le baile breá tarraingteach a fhorbairt.

Tá An Coireán suite ar an mBóthar Tánaisteach N70, ar An Mór-Chuaird a bhfuil clú is cáil uirthi agus mar a mbíonn tranglam tráchta go minic le linn biaiste na dturasóirí. Cuireann an leagan amach fisiciúil agus an gabhal go mór leis an bhfadhb úd. Bíonn a leithéid de bhrú tráchta ag cur isteach go mór ar chaighdeán na timpeallachta i mbaile beag margaidh mar é seo ó thaobh seirbhísí agus siopadóireachta de. Ní mhealltar turasóirí chun cuairt a thabhairt ar An gCoireán féin mar níl dóthain spás páirceála do bhusanna ná níl teacht go héasca ar a bhfuil de pháriceáil ann i leataobh ón sráid.

2.3.6.2 Iompar Poiblí
Tá córas iompair phoiblí idir An Coireán agus Cathair Saidhbhín, An Neidín is an chuid eile den Mhór-Chuaird trí sheirbhís bus (uimh. 279 & 280) is go Trá Lí agus Cill Airne.

Thairis an méid sin caithfear gluaisteán a fháil ar cíos nó cóiste b'fhéidir do ghrúpa mór. Táthar ag brath go príomha ar iompar príobháideach chun teacht isteach sa cheantar. Is fearr le móran turasóirí a ghluaisteán féin a bhreith leo chun an dúthaigh a fheiscint; dá bhrí sin beidh gá i gcónaí le spás páirceála ar an mbaile.

2.3.6.3 Páirceáil

Tá líon éigin carrchlós ar an mbaile, go háirithe ar chúl na Príomhshráide, sin iarracht ar an iomarca páirceála a sheachaint i lár an bhaile. Meastar go bhfuil dóthain spáis ann chun freastal ar an éileamh faoi láthair.

2.3.6.4 Coisithe agus Rothair

Tá gréasán oiriúnach sráideanna is lánaí sa struchtúr uirbeach i lár an bhaile, cé go bhfuil gá le cosáin nua nó le hathchóiriú in áiteanna. Níl aon raon rothar ann faoi láthair.
Níl soláthar na gcosán sásúil in áiteanna go háirithe feadh an N70 lastuaidh agus laisteas den bhaile. Ba chóir é a bheith mar thosaíocht cosáin a chur ansiúd, ar bhonn tuisceanach ó thaobh na timpeallachta de, toisc gur bóthar an–ghnóthach é seo istigh i gceantar faoi fhoirgnimh.

2.3.6.5 Rochtain Uilíoch

I bPlean Dearbhaithe Barcelona 2003-2006 tá creat straitéiseach chun go mbeidh teacht ag cách ar gach aon seirbhís. Dá réir sin achtaíodh an tAcht Náisiunta Míchumais 2005 agus ina dhiadh sin ghlac Údaráis Áitiúla Chiarraí leis an 'bPlean Gníomh Rochtain do Chách 2008-2015'. Sa phlean úd mínitear a bhfuil ar intinn ag Údaráis Áitiúla Chiarraí maidir le polasaí rochtain do chách.
Sa Phlean Gníomh tugtar tús áite do na foirgintí Údarás Aitiúla agus áiseanna eile a mbítear ag triall go minic orthu, san áireamh tá rochtain ar fud na háite lasmuigh ar chosáin phoiblí, sráideanna, trasnáin is in aon áit a mbítear ag dul ar bord seirbhís iompair phoiblí.

Cinnteoidh an Chomhairle, chomh fada agaus is féidir, go mbeidh rochtain mhíchumais ar fáil in aon fhoirgnimh nó seirbhísí nua. Tá cuntas sa Phlean Gníomh ar an bhfeabhsúchán a bheidh le déanamh chun go mbeidh teacht ag cách ar sheirbhísí is ar fhoirgintí atá aitheanta againn maidir le rochtain.

Cuspóir Uimh.	**Iompar agus Gluaiseacht** **Tá sé mar aidhm ag an gComhairle:**
TM-1	Soláthar inmharthana raon sábháilte agus áiseanna páirceála rothar a spreagadh ar láithreacha cuí.
TM-2	Na forálacha a luaitear i *"bPlean Gníomh Rochtain do Chách 2008-2015"* (Comhairle Contae Chiarraí) a chur i gcrích.
TM-3	Pointí nua rochtana a áirithint chun ord is eagar a choimeád ar mhórfhorbraíocht.
TM-4	Talamh mar a léirítear ar an Léarscáil Zónála a áirithint mar phromanád agus mar shlí siúlóide fan gcósta.

2.3.7 Bonneagar Fuíolluisce agus Bainistiú Dramhaíola

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as bonneagar uisce poiblí is as draenáil fuíolluisce agus uisce dromchla. Tá sé mar aidhm ag an gComhairle leanúint den gclár atá ar bun chun codanna nua a chur isteach sa ghréasán soláthar uisce aon áit a bhfuil sé lochtach agus nuair is gá, athchóiriú a dhéanamh ar chodanna an bhonneagair má cheaptar a bhfuil ann a bheith maith go leor chun freastal ar fhás inmharthana an bhaile sa todhchaí.

2.3.7.1 Soláthar Uisce Poiblí

Is í Scéim Soláthar Uisce An Choireáin a fhreastalaíonn ar An Coireán agus uasghrádú déanta air. Tá dóthain cumais sa scéim úd chun déileáil le fás beartaithe an bhaile le linn tréimhse an phlean. Beidh cumas suntasach breise fós ar fáil nuair a bheidh an scéim críochnaithe go hiomlán.

2.3.7.2 Fuíollusce

Tá scéim fuíolluisce poiblí i mbaile An Choireáin. Ní leor an cóireáil mar atá faoi láthair agus tá fearas nua cóireála fuíolluisce á thógaint. Meastar go mbeidh sé seo déanta agus é ag oibriú faoi dheireadh na bliana 2013. An méid sin curtha i gcrích, beidh sé i gceist mar pholasaí ag Comhairle Contae Chiarraí go gceanglófar gach aon tigh nua cónaithe laistigh de theorainn na lonnaíochta is den abhantrach séaraigh leis an séarach poiblí.

2.3.7.3 Uisce Dromchla

Tá gréasán faoi leith ag an gcóras baile don uisce stoirme. Ní ligtear don taomadh uisce dromchla dul isteach sna séaraigh shalacha. Maidir le forbairtí nua dearófar an diúscairt uisce dromchla de réir na bprionsabal maolaithe agus diúscairt rialaithe, Córais Uirbeach Inmharthana Draenála (SUDS), aon doiciméid pholasaí de chuid na Comhairle agus de réir an Phlean Forbartha Contae 2009-2015. Suiteálfar bac aon áit a mbeadh baol salachair sa taomadh ón uisce dromchla.

Cuspóir Uimh.	**Uisce, Bonneagar agus Bainistiú Dramhaíola** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
W-1	Soláthar bonneagar riachtanach uisce agus fuíolluisce a éascú lena chinntiú go dtiocfaidh forbairt inmharthana agus fás ar an mbaile sa todhchaí.
W-2	A chinntiú go mbíonn forbairt tailte zónálta ag brath ar an mbonneagar cuí idir uisce agus fuíolluisce a bheith ar fáil.
W-3	A chinntiú go gcuirfear isteach méadair uisce in aon fhorbairt nua chun go mbeifear ar an eolas faoin dtoirt uisce poiblí a úsáidtear agus chun feasacht a chur chun cinn i measc an phobail.
W-4	A chinntiú go mbíonn bearta dea-chleachtas caomhnaithe uisce ar bun i bhforbairtí nua, leithris déscairdte, umar uisce báistí is córas bailithe, mar a bheidh oiriúnach i dtuairim na comhairle chun uisce cóireálta a chaomhnú.
W- 5	Athchúrsáil gach aon saghas ábhar dramhaíola a spreagadh maraon le prionsabail um chosc agus laghdú bruscair a chur chun cinn i measc lucht gnó, scoileanna agus pobal.

W-6	A chinntiú go gcuirtear/n-aithnítear spás d'áiseanna um bhainistiú dramhaíola in aon fhorbairt nua cónaithe.

2.3.7.4 Ceansú Tuilte

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle nár chóir go mbeadh aon bhaol tuilte ag bagairt ar fhorbairtí nua ná níor chóir go gcuirfeadh aon fhorbairt lena leithéid de bhaol ar aon láthair eile. Dá bhrí sin caithfidh iarratais a chinntiú go gcuirtear isteach go hiomlán na riachtanais chuí ábhartha a éilítear sna Treoracha um Cheansú Baol Tuilte.

D'fhoilsigh an OPW réamhdhréacht ar Léarscáileanna Zón Tuilte don Chontae, táid siúd curtha san áireamh ag Comhairle Contae Chiarraí. I gcás aon fhorbairt a mholtar ar na tailte úd caithfear measúnú baol tuilte a chur i gcrích.

2.3.8 Fás agus Fórbairt Áitreabh Cónaithe

2.3.8.1 Forbairt Áitreabh Cónaithe

Ar nós bailte móra eile an chontae, tharla an t-uafás tógála sa Choireán le breis is deich mbliana anuas. Tharla forbairtí ar dhá thaobh an bhaile is fágadh stráicí móra talún neamhfhorbartha idir na forbairtí nua agus lár an bhaile.

Ní thagann an leagan amach ná an dearadh leadránach a bhíonn ar an-chuid díobh seo leis an éagsúlacht na leis na móitífeanna a chítear ar na seanfhoirgintí i lár an bhaile. Ní fhéadfaí a rá gur cuireadh síneadh le lár an bhaile trí na forbairtí cónaithe úd. Ní hamháin go bhfuilid píosa fada amach uaidh ach iad go hiomlán difriúil ó thaobh dearadh agus leagan amach de.

2.3.8.2 Forbairtí Cónaithe sa Todhchaí

Ó thaobh forbairt inmharthana de, meastar nár chóir ligint do zónáil mar cheantair chónaithe ach amháin ar shuímh líonta isteach/athfhorbraíochta nó ar thailte a bheadh taobh le forbairtí atá cheana féin ann. Sheachnófaí forbairtí an-scaipthe ar an gcuma san agus spreagfaí struchtúr dlúth uirbeach a laghdódh an gá le gluaisteáin mar d'fhéadfaí siúl chomh fada le seirbhísí don chuid is mó.

Nuair a chríochnófar an fearas nua cóireála, beidh sé i gceist mar pholasaí ag Comhairle Contae Chiarraí go gceanglófar gach aon tigh nua cónaithe laistigh de theorainn na lonnaíochta is den abhantrach séaraigh leis an séarach poiblí.

2.3.8.3 Forbairtí Cónaithe Sealadach

Ar nós bailte turasóireachta eile sa Chontae, tógadh an-chuid forbairtí cónaithe sa Choireán mar a mbíonn tithe saoire/in úsáid ar bhonn sealadach. Meastar gurb amhlaidh do 50% de na háitribh chónaithe ar An gCoireán is iad mar an dara baile ag daoine nó tigh saoire. I roinnt eastát ní bhíonn iontu ach tithe saoire is iad folamh formhór na bliana. Ní bhíonn aon spiorad pobail iontu dá réir, gan éinne sna tithe le linn an gheimhridh agus cuairteanna gearra á thabhairt i rith an tsamhraidh. Dá dheasca san tá sé mar chuspóir ag an Údarás Pleanála tailte a ainmniú mar zóin bhuanchónaithe amháin.

2.3.8.4 Forbairtí Cónaithe nár Críochnaíodh

Is léir gur tháinig forbairt ar An gCoireán mar ionad turasóireachta ón líon aonad nua cónaithe atá ar an mbaile idir bhuanchónaithe agus áitribh ar cíos. Tá cead pleanála faoi

láthair do thart ar 40 áitreabh cónaithe is an obair gan chríochnú nó fiú fós le tosnú. Dá bhrí sin tá farasbarr mór tithíochta is na haonaid anois folamh, tréigthe nó gan chríochnú de dheasca cúrsaí eacnamaíochta faoi láthair. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála a dhícheall chun críochnú eastát gan chríochnú maraon le háitribh chónaithe a spreagadh.

Cuspóir Uimh.	**Forbairt Chónaithe** **Ta sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
H-1	Forbairtí deasa cónaithe ar ardchaighdeán a chur chun cinn ar an mbaile. Caithfidh siad go léir cloí leis na treoracha ‘‘Forbairt Inmharthana Cónaithe i gCeantair Uirbeacha” RCORÁ 2009
H-2	A chinntiú go mbíonn aon áitreabh nua cónaithe laistigh den teorainn fhorbraíochta suite ar zón cónaithe agus go mbíonn buanchónaí i gceist iontu.
H-3	A chinntiú go dtarlaíonn soláthar áiseanna idir chaitheamh aimsire, sóisialta agus cultúrtha in am tráth de réir forbairt tithíochta chun tacú le fás daonra is chun pobal inmharthana a chruthú.
H-4	Forbairt láithreán tréigthe nó sna cúlchríocha a chur chun cinn nuair is cuí nuair is cuí i dtreo scéimeanna tithíochta líonta isteach nó moltaí eile inmharthana.
H-5	Críochnú agus seilbh eastát atá gan chríochnú a spreagadh
H-6	A chinntiú go gceanglaítear gach aon fhorbairt nua leis an bhfearas uasghrádaithe cóireála fuíolluisce.

2.3.9 An Timpeallacht Ailtireachta

2.3.9.1 Láithreáin Thréigthe

Faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 caithfidh úinéirí nó sealbhóirí talún bearta réasúnta a dhéanamh lena chinntiú nach mbíonn an talamh, ná aon struchtúr laistigh den suíomh, ina láithreán tréigthe. Séard is brí le láithreán tréigthe ná aon talamh a bhaineann, nó ar dóigh dó baint, go feadh méid ábhartha, ó thaitneamhacht, ó shainghné nó ó dhealramh na talún i gcomharsanacht na talún i gceist. Chun tréigean a sheachaint agus chun an leas is fearr a bhaint as acmhainní tá rún ag an Udarás Pleanála foirgintí agus dreacha sráide stairiúla a fhorbairt chun gur féidir iad a bhreith isteach faoi riachtanais nua-aimseartha. Éascóidh an tÚdarás Pleanála a leithéid d’fhorbairt ar struchtúir chosanta is ar dhreacha sráide chun an leas is fearr a bhaint astu ach san am gcéanna an fiúntas dúchasach ailtireachta agus stairiúla a chaomhnú.

Cuspóir Uimh.	**Laithreáin Thréigthe** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
DS-1	A chinntiú go n-aithnítear gach aon láithreán tréigthe ar an mbaile agus go ndéantar gníomh de réir an Acht um Láithreáin Thréigthe 1990.
DS-2	Athúsáid agus athchóiriú cuí na n-áitreabh folamha/tréigthe ar an mbaile a spreagadh ar bhonn tuisceanach.

2.3.9.2 Éadan Siopaí & Comharthaíocht

Coimeádadh cuid éigin éadan traidisiúnta siopaí ar An gCoireán. Tá sé ríthabhachtach na cinn eile a chaomhnú chun féiniúlacht agus carachtar an bhaile a choimeád. Aon éadan siopa mar a bhfuil an dearadh go maith is é i gcónaí riamh ann, ba chóir é a choimeád is a dheisiú. Beidh an Chomhairle i bhfábhar aon obair chun éadan dúchasach siopa nó pláta falla a chaomhnú is a athchóiriú agus chun cinn nua a fhorbairt sa stíl traidisiúnta. Caithfear éadan nua siopa a dhearadh ar ardchaighdeán, is féidir tréithe traidisiúnta a léiriú ar shlí nua nach mbainfidh de charachtar na sráide. Tuigtear go mbeidh lucht gnó b'fhéidir ag iarraidh an fhéiniúlacht chorparáideach acu féin a choimeád ach caithfear cuimhneamh tríd is tríd ar cháilíocht an áitribh nó an dreach sráide a mhaisiú más féidir in aon chor é.

Cuspóir Uimh.	**Éadan Siopaí agus Comharthaíocht** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
SS-1	A chinntiú go n-úsáidfear idir stíl is ábhar traidisiúnta agus éadan siopaí á ndearadh.
SS-2	A chinntiú go mbíonn éadan siopaí agus comharthaíocht ar ardchaighdeán le feiscint ar fud An Choireáin. A chinntiú nach gceadaítear comharthaí is an soilsiú laistigh iontu.
SS-3	Feabhas ar an ndreach príomhshráide ar feadh na gceantar miondíola agus ar aghaidh na farraige a spreagadh.

Aguisín 2
Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta

Réamhrá
Féach an réamhrá le ACA Chathair Saidhbhín

Suíomh agus teorainn an Limistéir Chaomhnaithe
Moltar Ardán West View agus Ardán South View a bheith mar chroílár an ACA. Dhá shraith mar a bhfuil 17 dtigh ar an iomlán atá ar Ardán West View, é suite i dtreo na talún ón N70 ag teacht aduaidh go dtí An Coireán. Suíomh suntasach é seo ar an slí isteach don Choireán agus tábhacht ag baint leis mar chuid den oidhreacht ailtireachta. Tá Ardán South View thart ar 100 méadar soir ón bpríomhshráid. Tá fairsinge iomlán an dá ardán laistigh de theorainn an ACA is na gáirdíní os comhair agus ar chúl na dtithe san áireamh.

Léarscáil 1; Teorainn ACA

Forbairt stairiúil an cheantair

Dála lonnaíochtaí eile i gCiarraí Theas, ní baile seanda ar fad atá sa Choireán. Bunaíodh croí na sráidbhaile sa chéad leath den naoiú haois déag agus leathnaíodh an áit i dtreo deireadh na 1800idí le teacht an stáisiúin chábla agus gá dá réir le foirgintí nua.

Learscáil 2; Léarscáil OS Céad Eagrán (1842)

Ag féachaint ar an Léarscáil OS céad agus dara eagrán go luath sna 1840idí séard a bhí sa Choireán ná roinnt tithe scaipthe agus óstán is beairic póiliní ina measc. Faoi dheireadh na 1890idí bhí an crot céanna le feiscint is atá inniu air, sraitheanna tithe a bhain leis an gComhlacht Cábla Tráchtála san áireamh. B'iad siúd a leag an cábla go dtí An Coireán sa bhliain 1884. Tá Ardán South View ar an Léarscáil OS Dara Eagrán, críochnaíodh Ardán West View i 1900 (Léarscáil 3) mar thithe foirne ón gComhlacht Cábla Tráchtála.

Grianghraf. 1. Ardán South View 1880-1914

Léarscáil 2 (thuas): Léarscáil OS Dara Eagrán (1897). Léarscáil 3 (thíos)

•



Bhunaigh an Chomhlacht Cábla Tráchtála stáisiún cábla ar An gCoireán sa bhliain 1880, faoi dheireadh an chéid bhí sé faoi lánseol agus 300 teilegrafaí fir ag obair ann. Tháinig deireadh le hobair na gcomhlachta i 1962. Lorgaíodh tairiscint thiar i 1899 chun stáisiún nua cábla, oifigí agus tithe a thógaint. Ba é an t-ailtire torthúil ó Chiarraí James Franklin Fuller (1834-1924), ar a raibh cáil mhór as a shaothar eaglasta ach a bhí ag gabháil d'obair éagsúil freisin faoin am san, a dhearaigh an tionscnamh nua.

Sceideal Struchtúr Cosanta agus Seadchomharthaí Taifeadtha
Níl aon struchtúr laistigh den ACA atá ar Liosta na Struchtúr Cosanta ACA.
Níl aon Séadchomhartha Taifeadta laistigh den ACA molta.

<u>Cur síos ar an dTimpeallacht Ailtireachta mar atá</u>
a)Patrún Sráide
Tá Ardán West View nach mór i gcomhthreo leis an N70 is tá na foirgintí idir 70 agus 120 méadar ón N70. Tá an t-ardán suite sa treo thuaidh/theas agus aghaidh soir chun farraige. Mar a luaitear san ainm tá Ardán South View suite sa treo thoir/thiar agus aghaidh ó dheas chun farraige.

b) *Foirm agus leagan amach spás oscailte idir phoiblí agus príobháideach.*
Ar Ardán West View tá spás oscailte ar chúl na dtithe go léir agus dóthain de freisin os a gcomhair. Tá na gáirdíní os comhair an tí idir 15-20 méadar ar fhad, idir an spás úd agus gáirdín fada eile a shíneann chuig an N70 tá an bóthar isteach don ardán. Spás teoranta atá ag Ardán South View ar chúl agus os comhair an tí. Níl aon spás oscailte poiblí ag baint leis an dá ardán

c) Feidhmeanna sóisialta agus eacnamaíoch
Tithe cónaithe ar fad atá laistigh den ACA.

Grianghraf 2; Ardán West View Uimh.1-7 1880-1914 **Grianghraf 3; Ardán West View 1-7 (2012)**

d) *Déanamh na bhfoirgneamh-cur síos ginearálta*
Tá dha shraith laisatigh d'Ardán West View, tá na tithe sa tsraith mar a bhfuil Uimh. 1-7 ar aon dul lena chéile ó thaobh carachtair de ach níl ó thaobh struchtúir. Aghaidh leibhéalta

trí chuas is ea an struchtúr i lár baill. Dhá chuas agus bun gabhaléadain atá ag bun agus ag barr na sraiathe. Ar an gceithre thigh eile níl ach cuas amháin agus bábhún beannach orthu. Sa dara sraith (Uimh 8-17) tá cúig aonad, péire tigh trí chuas i ngach ceann díobh is cuas amháin beannach an ceann orthu.
Tá cúig aonad ar Ardán South View is é sin an-chosúil le hArdán West View 1-7 ach gan an dá aonad atá ag bun is ag barr ansiúd.

e) *Díonta, mullaí, simléir*
In áiteanna tá an croca cré bhruite céanna fós in airde ar stoc simléir i mbríce dearg maraon leis an maisiú i mbríce dearg ar an stuaic, (Grianghraf 4) rindreáil déanta ar chinn eile. Tá na mullaí ar aon airde ar fud na n-ardán.

Grianghraf 4; Ardán West View

Grianghraf 5; Ardán South View

Grianghraf 6; Stoc simléir ar bhinn tí mar atá faoi láthair

f) *Fallaí.*
Plástar mín atá ar na fallaí go léir. Tá aontacht ag baint leis an gcúrsa téadach ar feadh na bhfallaí ar aghaidh is ar thaoibh Ardán South View (Grianghraf 6), ce gur baineadh é sin in áit amháin. Baineadh de dhreach iomlán rialta an ardáin nuair a baineadh dhá stoc beanna

simléar chun solas dormánta a chur ina n-ionad. Cuirtear le rialtacht na n-ardán áfach mar tá dathanna maotha in úsáid ar na tithe.
Rud eile atá thar a bheith éifeachtach ná dathanna thart ar ghnéithe ailtireachta mar dhoras, fuinneog no leac fuinneoige chun aird a tharraingt orthu. (Grianghraf 8)

Grianghraf 7; Póirse, Ardán South View

Grianghraf 8; Ardán West View

Grianghraf 9; Ardán West View

g) *Oscailtí*
Gné atá comónta sa trí shraith ardán is ea fuinneoga i bpéire nó i dtriarach. Ar gach bábhún bíonn péire oscailtí ar urlár na talún ach iad i dtriarach ar an gcead urlár. (Grianghraf 9) Áirse leathchiorclach mar shlí isteach do phóirse prochóige atá mar ghné ar West View; cuarstua atá ar South View. (Grianghraf 7) In áiteanna tá an doras tosaigh ar chothrom an fhalla. (Grianghraf 9) Ar roinnt tithe anois seachas na seanfhunneoga saise ceann ar cheann tá fuinneoga nua uPVC a osclaítear lastuas.

h) *Teorainneacha*
Fála, geataí is ráilli iarainn bhuailte atá idir na gáirdíní tosaigh is an bóthar isteach ar Ardán West Vie, iad rialta go leor ó thaobh deartha de (Grianghraf 10 & 11), falla cloiche atá thart ar na gáirdíní íochtaracha mar theorainn. Ar Ardán South View tá falla teorainn cloiche is barr air maraon le piaraí scafánta. (Grianghraf 12)

Grianghraf 10; Ardán West View

Grianghraf 11; Ardán West View

Grianghraf 12; Ardán South View, falla teorainn

i) Earraí Uisce Báistí.
In áiteanna tá na seanphíopaí iarainn mhunla agus gáitéir fós ann ach cuireadh cinn nua anso is ansiúd ina phíosaí. Tá teacht aniar iontach san iarann múnla is dá bhrí sin tá ciall leis ó thaobh costais de ach san am gcéanna cuireann sé le dreach oidhreachta na bhfoirgintí.

j) *Radhairc*
Radharc gan bhriseadh ar Ardán West View ón N70. (Grianghraf 13)

Grianghraf 13: Radharc ón N70

Achoimre ar an gCarachtar Speisialta

Is iad seo a leanas príomhghnéithe déanamh na bhfoirgneamh

- Sraitheanna slán rialta
- Don chuid is mó tá na sraitheanna mar a bhíodar riamh agus coimeádadh cuid mahith de na gnéithe a bhí ar dtús iontu.

Gnéithe diúltacha

- Cuireadh athrú gan tuiscint anso is ansiúd ar ghnéithe mar fhuinneoga agus earraí uisce báistí, iad san le chéile baintear den stádas mar limistéar caomhnaithe.
- Tá drochbhail ar na seanchuaillí lampa agus ar fhalla teorainn Ardán West View (Grianghraf 15-16)

Grianghraf 14: Cuaille lampa

Grianghraf 15: Cuaille Lampa

Grianghraf 16: Falla teorainn Ardán West View

Mar Threoracha forbraíochta laistigh den Limistéar Caomhnaithe, Oibreacha nach gcuireann isteach ar charachtar an ACA (níl gá le cead pleanála) agus oibreacha a chuireann isteach ar charachtar an limistéir (gá le cead pleanála) féach ACA Chathair Saidhbhín

Aguisín 2
Struchtúir Chosanta faoi Láthair

1. **Ainm & Seoladh**
An Stáisiún Cábla, An Sponcán

Uimh.Chlár. 21309801

2. **Ainm & Seoladh**
Séipéal Naomh Mícheál & na nAingeal, An Coireán

Uimh.Chlár. 21309802

3. **Ainm & Seoladh**
Fuarán Cuimhneachán na mBuitléarach

Uimh.Chlár. RPS 21309804

4. **Ainm & Seoladh**
Tigh an Chábla, An Coireán

Uimh.Chlár. RPS 21309805

5. Ainm & Seoladh
Tigíní Leathscoite, An Coireán

Uimh.Chlár. RPS 21309807

6. Ainm & Seoladh
Seantithe an Chábla,
7,8,9 Ardán Uíbh Ráthach,
An Coireán

Uimh.Chlár. RPS KY-098-001

7. Ainm & Seoladh
Sraith sé aonad dhá stór, An Príomhshráid, An Coireán

Uimh.Chlár. RPS KY 098-003 (A-F)